


Fiosraigh na Féidearthachtaí

Sraith tascanna matamaitice, dírithe ar leibhéal éagsúla, a chuidíonn le daltaí na féidearthachtaí uilig a fhiosrú agus iad i mbun fadhbhuascalte.



Robert Thompson agus Ashleigh Maw,
an tÚdarás Oideachais

An tÁiseanad a chuir in oiriúint



Coláiste Ollscoile
Naomh Muire
Béal Feirste
An tÁiseanad



Clár

1.	3, 2, 1...Éirí! (EC1 B)	1
2.	Meascán 50p (EC1 B)	2
3.	Fadhb Spíceach (EC2 C)	3
4.	BeeBot ag bogadh (BC)	5
5.	Go leor buicéad? (EC2 A)	6
6.	Túr a thógáil (BC)	7
7.	Bailiúchán Bonn (EC1 B)	8
8.	Uibheacha Dineasáir (BC)	9
9.	Domanónna (EC2 B)	10
10.	Circíní Cásca (EC1 B)	11
11.	Babhláil 5 Phionna (BC)	12
12.	Abacas 4 Spíce (EC2 A)	13
13.	Cá mhéad airgid? (EC1 A)	15
14.	Rogha Reoite (EC2 A)	16
15.	Litreacha ina líne (EC1 A)	18
16.	Briseadh (EC1 A)	19
17.	Lear Líreacán (EC1 A)	20
18.	Suimiú Airgid (EC1 B)	21
19.	Pirimid Uimhreacha (EC2 A)	22
20.	Gaosán Dearg (EC1 A)	23
21.	Stiallacha Páipéir (EC1 B)	24
22.	Sórtáil na teidithe (EC1 A)	25
23.	Ganntanas Stampaí (EC2 B)	27
24.	Stampaí (EC1 A)	28
25.	Aimsigh an sprioc (EC2 C)	29
26.	Peataí Pheadair (EC1 A)	30
27.	Cóla Costasach (EC2 C)	31
28.	Am Taifeadta (EC2 B)	32



3, 2, 1... Éirí!

Tá trí chuid sa roicéad seo:
cuid dhearg;
cuid ghlas;
cuid ghorm.

De dhíth:
Peann dearg,
Peann glas,
Peann gorm,
Páipéar
cearnógach.



Cá mhéad roicéad difriúil a thig leat a dhéanamh?
Ar mhaith leat do roicéad a dhéanamh le bloicíní?

Céim bhreise

Tá ceithre chuid sa roicéad – dhá chuid dearg agus dhá chuid gorm. Cá mhéad roicéad a thig leat a dhéanamh anois?



Meascán 50p



Cheannaigh Seán mála mór milseán. Chaith sé 50p.
Níor úsáid sé ach boinn ar dhath an airgid.



Tá **13 dhóigh dhifriúla** ann le 50p a íoc le boinn ar dhath an airgid.
Aimsigh a oiread de na dóigheanna sin agus a thig leat.

Cad iad na patrúin atá ann?



Fadhb Spíceach

Tá Tomás ag smaoineamh ar na huimhreacha uilig a thiocfadh leis a dhéanamh le habacas 7 spíce.

Milliúin	Céadta de Mhílte	Deiceanna de Mhílte	Mílte	Céadta	Deiceanna	Aonaid

Úsáideann sé 2 choirnín.


? Cá mhéad uimhir dhifriúil a bheidh Tomás ábalta a dhéanamh le 2 choirnín?

Céim bhreise


? Cá mhéad **corruimhir** níos mó ná aon mhilliún a thiocfadh le Tomás a dhéanamh le 4 choirnín?

Fadhb Spíceach


C de D de
M M M M C D A




C de D de
M M M M C D A




C de D de
M M M M C D A




C de D de
M M M M C D A




C de D de
M M M M C D A




C de D de
M M M M C D A




C de D de
M M M M C D A



C de D de
M M M M C D A



C de D de
M M M M C D A



BeeBot ag bogadh



1	2	3	4	5	6	7	8	9	10
---	---	---	---	---	---	---	---	---	----

Tá Beebot ar 2.

Tá sé ag dul chuig 8.

Caithfidh sé bogadh 2 uair.

Caithfidh sé bogadh chun tosaigh.

 Aimsigh na dóigheanna difriúla uilig a dtig le BeeBot seo a dhéanamh.


 Cad é mar a thig leat an 2 bhogadh a chlárú?

Céim bhreise



Anois, thig le BeeBot dul chun tosaigh agus ar gcúl.


Ach, caithfidh sé fanacht ar an uimhirlíne.


 Aimsigh na dóigheanna difriúla uilig a dtig leis dhá bhogadh a dhéanamh agus críochnú ar 8 go fóill.

Go leor buicéad?

Tá Lára ag dul ar thuras scoile chuig an trá. Tá péint dhearg, péint bhuí agus péint ghorm aici. An dtig leatsa cuidiú léi 3 stríoc a phéinteáil ar gach buicéad le go mbeidh buicéad difriúil ag gach duine sa rang?

(Ní chaithfidh tú gach dath a úsáid ar gach buicéad.)





Túr a thógáil

De dhíth:

Mol ciúbanna ar dhá dhath dhifriúla.




Tóg túir atá 2 chiúb ar airde.

Tóg túir atá difriúil lena chéile.

Cá mhéad túir a thig leat a thógáil?

Dathaigh na pictiúir seo thíos le do chuid túir a léiriú.




Céim bhreise



Anois, tóg túir atá 3 chiúb ar airde.

Cá mhéad túir a thig leat a thógáil?

An bhfuil siad uilig difriúil?



Bailiúchán Bonn

Tá 5 bhonn ag Sorcha ina sparán.


Tá £1 san iomlán aici.




Taispeáin gach bailiúchán difriúil de 5 bhonn a dhéanann £1 san iomlán.



Cad é mar a thig leat na torthaí a chlárú?







Uibheacha Dineasáir

Rug na dineasáir seo 10 n-ubh san iomlán.

Thig leo na huibheacha a chur i 3 pholl.

Aimsigh na dóigheanna difriúla leis seo a dhéanamh.

Ní gá uibheacha a chur i ngach poll.



Céim bhreise

Rug turtair 12 ubh isteach i 3 pholl.

Cad é an patrún atá ann?

Domanónna

Amharc ar na domanónna seo.




Nuair a shuimíonn tú líon na spotaí ar na 3 dhomanó sa lár, faigheann tú 20.

Is dúbailt é an domanó atá ina sheasamh.

Oibrigh amach na tacair fhéideartha uilig de dhomanónna a bheadh ann.

Céim bhreise

An dtig leat tacar iomlán de 28 domanó a úsáid le lúb a dhéanamh mar seo thíos, áit a meaitseálann na huimhreacha uilig?






Circíní Cásca

Tá 20 circín clúmhach ina suí ar 3 nead.

Is ré-uimhir é an líon circíní atá ina suí ar gach nead.



Cá mhéad circín atá ina suí ar gach nead?

Cá mhéad dóigh dhifriúil a dtig leat é a dhéanamh?


Céim bhreise

Tá 21 spideog ina suí ar 3 nead.

Is corr-uimhir é an líon spideog atá ar gach nead.

Tá níos mó ná 1 spideog ar gach nead.

Cá mhéad dóigh dhifriúil a dtig leat é a dhéanamh?



Babhláil 5 Pionna

Cé na pionnaí a chaithfidh tú a leagan...

Aimsigh dhá dhóigh dhifriúla:

- le 6 a fháil;
- le 7 a fháil;
- le 8 a fháil.



Céim bhreise


Aimsigh dóigheanna difriúla le 10 a scóráil.

Abacas 4 Spíce



Tá Síle ag fiosrú uimhreacha ar an abacas ceithre spíce s'aici.

Mílte	Céadta	Deicheanna	Aonaid



Tá sí ag iarraidh a oiread uimhreacha agus is féidir a dhéanamh le 3 choirnín.



Cá mhéad uimhir dhifriúil a bheidh sí ábalta a dhéanamh?

Céim bhreise

Tá sí ag iarraidh a oiread **ré-uimhreacha** agus is féidir a dhéanamh le 4 choirnín.



Cá mhéad uimhir a bheidh sí ábalta a dhéanamh?

Abacas 4 Spíce

M C D A

M C D A

M C D A

M C D A

M C D A

M C D A

M C D A

M C D A

M C D A

M C D A

M C D A

M C D A

Cá mhéad airgid?

Tá dhá cheann de na boinn seo ina póca ag Lára.



Cá mhéad airgid atá aici?

Fiosraigh na féidearthachtaí uilig. Déan liosta.


Céim bhreise

Tá bonn 2p, 5p, 10p agus 20p ag Lára.

Tugann sí dhá bhonn dá deartháir.


Cá mhéad airgid atá ag a deartháir?

Déan liosta de na féidearthachtaí.









Rogha Reoite



Téann tú ar thuras scoile le do rang agus feiceann tú duine agus cón uachtair reoite ar díol aige.

Faigheann tú 3 scúp ar gach cón agus tá 3 rogha ann:



-  Sú talún
-  Fanaile
-  Seacláid







Cá mhéad cón difriúil a thiocfadh leis an duine a dhéanamh leis na 3 bhlas d'uachtar reoite?

Céim bhreise


Tá 20p ar scúp fanaile, 25p ar scúp sú talún agus 30p ar scúp seacláide.

-  Cá mhéad a chosnódh gach ceann de na cón dhifriúla a thig leis an fhear a dhéanamh?
-  Déan suirbhé sa rang. Cá mhéad a chosnódh sé an cón uachtair reoite ab ansa leis/léi a cheannach do gach duine sa rang?

Rogha Reoite



Litreacha ina líne



Úsáid na litreacha A, B, C, D agus E. Cuir ina líne iad.

Níl cead agat litreacha atá taobh lena chéile san aibítir a bheith taobh lena chéile i do líne.

Cá mhéad dóigh dhifriúil a thig leat a aimsiú leis na litreacha a leagan amach?

A

B

C

D

E

Céim bhreise

Úsáid cártaí 1, 2, 3, 4 agus 5 in áit litreacha.


Cá mhéad dóigh dhifriúil a thig leat a aimsiú leis na cártaí a leagan amach le nach mbeidh uimhreacha atá in aice lena chéile taobh lena chéile sa líne?

Briseadh



Tá moll mór bonn 1p agus 2p agat.

Cá mhéad dóigh dhifriúil a dtig leat boinn a chur le chéile le 5p a dhéanamh?



Céim bhreise

Cá mhéad dóigh dhifriúil a dtig leat 6p a dhéanamh?

Lear Líreacán



Is breá le Lúlú líreacáin.

Cheannaigh sí líreacán. Bhí 6p air.



D'íoc sí as leis na boinn chearta.

Cad iad na boinn a d'úsáid sí?



Tá cúig dhóigh dhifriúla lena dhéanamh. Aimsigh a oiread agus a thig leat.



Úsáid boinn 1p, 2p agus 5p le cuidiú leat.

Céim bhreise



Cuir i gcás go raibh 7p ar an líreacán. Cá mhéad dóigh dhifriúil atá ann le híoc as?



Suimiú Airgid

Níl agat ach boinn 2p agus 5p. Cad iad na méideanna airgid a thig leat a dhéanamh?

An bhfuil méideanna ar bith nach dtig leat a dhéanamh? Cén fáth?



Anois, tá boinn 1p, 2p, 5p agus 10p agat.

Déan 11p. Cá mhéad dóigh dhifriúil atá ann lena dhéanamh?



Céim bhreise

Tá cead agat suas le 6 bhonn a úsáid le 12p a dhéanamh.


Cá mhéad dóigh dhifriúil atá ann lena dhéanamh?



Pirimid Uimhreacha



Tá Liam ag fiosrú na suimeanna uilig a thig leis a dhéanamh nuair a úsáideann sé **dhá** uimhir ón phirimid.



▲ Cá mhéad suim san iomlán a bheidh sé ábalta a dhéanamh?

Céim bhreise


Fiosraíonn Liam na suimeanna uilig a thig leis a dhéanamh le **trí** uimhir.

▲ Cá mhéad suim san iomlán a bheidh sé ábalta a dhéanamh an t-am seo?

Gaosán Dearg



Tá 45p ar Ghaosán Dearg.



D'íoc mé as le boinn **ar dhath an airgid**.

Tá naoi ndóigh dhifriúla ann leis seo a dhéanamh.

Cá mhéad dóigh dhifriúil a thig leatsa a aimsiú?

Céim bhreise

Tá 50p ar chroiméal bréagach.

Cá mhéad dóigh dhifriúil atá ann le ceann a cheannach, le boinn ar dhath an airgid amháin?




Stiallacha Páipéir

De dhíth:

5 stiall páipéir
ar dhathanna
difriúla



Tá Tomás, Róisín agus Ciarán ag obair le chéile.
Tá 5 stiall de pháipéar le cur in 2 ghrúpa.
Cuidigh leo na féidearthachtaí uilig a fhiosrú.



Tarraing pictiúir nó
déan tábla leis na
grúpaí uilig a chlárú.

Céim bhreise

An dtig leat smaoineamh
ar dhúshlán ‘Stiallacha
Páipéir’ eile a dtiocfadh le
Tomás agus a chairde é a
dhéanamh?

Sórtáil na mBéar




Roghnaigh 4 bhéar.

Roghnaigh dath dhifriúil go gach béar.

Leag amach iad sna cearnóga thíos.

Cá mhéad dóigh dhifriúil atá ann le hiad a leagan amach?



Cláraigh do chuid freagraí ar ‘Sórtáil na mBéar – Leathanach Taifeadta’.

Gearr amach na cearnóga agus déan iad a shórtáil.


Cad iad na patrúin atá ann?

Céim bhreise


Roghnaigh 4 bhéar. Thig beirt acu a bheith ar an dath céanna.

Cá mhéad dóigh dhifriúil atá ann le hiad a leagan amach anois?

Sórtáil na mBéar - Leathanach Taifeadta




Ganntanas Stampaí



Tá Oifig an Phoist i ndiaidh rith amach as stampaí céadghráid agus dara grád.

An t-aon rud atá fágtha acu ná stampaí 5p agus 7p – ach tá cuid mhór acu seo ann!



Bíonn cead agat suas le 8 stampa a chur ar chlúdach litreach.


Cad é **an luach is ísle** de stampaí a thiocfadh leat a chur ar chlúdach? _____

Cad é **an luach is mó?** _____

Déanaimis fiosrú!



Tá cead agat idir 1 agus 8 stampa a chur ar chlúdach amháin. Fiosraigh na luachanna uilig a thiocfadh leat a dhéanamh.

Céim bhreise



Cá mhéad luach difriúil a thiocfadh leat a dhéanamh dá mbeadh stampaí **3p**, **5p** agus **7p** agat agus cead agat **suas le 5 stampa** a chur ar gach clúdach?

Stampaí



Tá 10 gcárta poist le cur sa phost agat.
Tá luach 10p de stampaí de dhíth ar gach cárta. Fiosraigh na féidearthachtaí le 10p a dhéanamh ar dhóigheanna difriúla.



Céim bhreise

Tá 12p de dhíth le litreacha a chur.
Fiosraigh na féidearthachtaí le 12p a dhéanamh!



Aimsigh an sprioc!




Tá craobh cheannais Chomórtas Boghdóireachta Uladh ann.

Tá triúr daoine ar gach foireann.
Scaoileann gach duine saighead amháin.

- ☉ Má aimsíonn gach duine san foireann clár na spriocanna, cad iad na scóir fhéideartha uilig a thiofadh leo a fháil le 3 shaighead?

Céim bhreise



Scaoiltear 3 shaighead i ngach babhta. Léiríonn an tábla thíos na torthaí i ndiaidh **dhá** bhabhta den chraobh cheannais.

Úsáid an tábla leis na scóir fhéideartha do gach foireann i ngach babhta a oibriú amach.

Foireann	Scór i ndiaidh dhá bhabhta
Doire	224
Béal Feirste	185
Lios na Scéithe	198
Gaoth Dobhair	209
An Ómaigh	233
Dún Pádraig	200
An Cabhán	257
Muineachán	187
Baile an Chaistil	172
Ard Mhacha	261


- ☉ An bhfuil níos mó ná réiteach amháin ann do gach foireann? Fiosraigh na féidearthachtaí!

Peataí Pheadair


Tá trí pheata ag Peadar – damhán alla, ciaróg agus seangán. Coinníonn sé iad ar a sheif leabhar. Is maith leis an t-ord ina suíonn siad ar an tseif a athrú. Cá mhéad dóigh dhifriúil a dtiocfadh leis seo a dhéanamh? Déan liosta, nó gearr amach na pictiúir thíos, agus fiosraigh na féidearthachtaí!

Thosaigh muid an liosta duit...


Damhán alla, ciaróg, seangán



Damhán alla



Ciaróg



Seangán

Céim bhreise

Samhlaigh go bhfuil bróg, leabhar agus úll ag Peadar ar a sheif. Cá mhéad dóigh a dtig leis iad a chur in ord?

Cóla Costasach

250ml



42p

 $\frac{1}{3}$ lítir

47p

500 ml



66p

1 lítear



89p

Is féidir cóla a cheannach i gcoimeádáin éagsúla. Tá **toilleadh** gach coimeádáin le feiceáil thuas. Tá praghas ar gach coimeádán fosta.

Ba mhaith leat 2 lítear cóla a cheannach. Thig leat coimeádáin ar bith a cheannach. Cá mhéad praghas difriúil a thiocfadh leat a íoc as 2 lítear cóla?


Mar shampla:

$$1 \text{ lítear} + 500\text{ml} + 500\text{ml} = 89\text{p} + 66\text{p} + 66\text{p} = \text{£}2.21$$

Céim bhreise


Tá buidéal eile $1\frac{1}{2}$ lítear ar fáil ar £1.17.

Cá mhéad praghas difriúil a thiocfadh leat a íoc as 3 lítear cóla?



£1.17

Am Taifeadta



Tá diosca cruá ag Rónán ar a dtig leis 240 bomaite de chlár teilifíse a thaifeadh.

Maireann na clár $\frac{1}{2}$ uair, 1 uair, 2 uair nó 3 uair an chloig.

Cá mhéad dóigh dhifriúil a dtig leis an diosca cruá a líonadh le clár?

Cá mhéad dóigh dhifriúil a bheadh ann dá mbeadh clár $1\frac{1}{2}$ uair an chloig san áireamh?

Céim bhreise

Cheannaigh Rónán diosca cruá nua atá dhá oiread níos mó ná an seancheann.

Cá mhéad dóigh dhifriúil a bheadh ann leis an diosca nua a líonadh?

Bunleagan Béarla le **Robert Thompson** agus **Ashleigh Maw**, an tÚdarás Oideachais

Arna chur in oiriúint ag **an Áisaonad**, 2020.
www.aisaonad.org

Gabhann an tÁisaonad buíochas, thar ceann na hearnála, le Robert Thompson agus Ashleigh Maw as an ábhar seo a chur ar fáil.

Fiosraigh na Féidearthachtaí

